

Patrúin i dtaca le Riosca Sóisialta agus le hAicme Shóisialta sa Bhochtaineacht agus i gCáilíocht na Beatha in Éirinn, 2004 - 2013

Dorothy Watson, Bertrand Maître, Christopher T. Whelan agus Helen Russell

Mionteagasc Taighde, Samhain 2016

Déanann an mionteagasc taighde seo achoimre ar na torthaí ó thuarascáil inar scrúdaíodh na treochtaí bochtaineachta agus díothachta le linn na tréimhse deich mbliana 2004 go 2013. Breathnaítear sa mhionteagasc ar threochtaí in aicmí sóisialta agus i ngrúpaí riosca shóisialta amhail tuismitheoirí aonair, daoine faoi mhíchumas agus leanaí.

Ar an mbonn idirnáisiúnta, tá comhaontú forleathan déanta ar an ngá le bearta níos leithne um fhóras sóisialta a théann níos faide ná fás an ioncaim agus fás an gheilleagair, sa dóigh go bhféachtar ar ghnéithe cháilíocht na beatha (CnB) amhail sláinte, gaolta, an timpeallacht mhartha agus muinín as institiúidí na sochaí. Tugtar léargais sa staidéar ar an gcaoi a mbíonn éagsúlacht ar fhadhbanna CnB sa bhliain 2013 i ngrúpaí riosca shóisialta agus in aicmí sóisialta.

Seo tuarascáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ó chlár taighde na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ar fhaireachán na dtreochtaí bochtaineachta.

Na príomhthorthaí

- Thit an bhundíothacht ó 15% i 2005 go 12% i 2007, ach mhéadaigh sí go mór go 31% i 2013. Thit ráta bhaol na bochtaineachta ó 19% i 2004 go 14% i 2008, agus tríd is tríd is mar an gcéanna é ón am sin ag 14%-16%. Thit an bhochtaineacht sheasmhach - an forluí idir baol na bochtaineachta agus an díothacht - ó 7% i 2004 go 4% i 2008, sular mhéadaigh sí faoi dhó go 8% i 2013. Chobhsaigh na rátaí bochtaineachta agus díothachta i 2014.
- Tharla an treocht seo in airde i ngach aicme shóisialta agus i ngach grúpa riosca shóisialta. Méadaigh an díothacht san aicme oibre láimhe neamhoilte ó 29% i rith an bhorrtha go 47% i 2013. Méadaigh na rátaí san aicme ghairmiúil/bhainistiúil ar ardghrád faoi thrí go 14%.
- I 2013, bhí na rátaí díothachta ab airde ag teaghlaigh tuismitheora aonair (thart ar 60%) agus ag teaghlaigh duine fhásta faoi mhíchumas (thart ar 50%), agus bhí na rátaí ab ísle (16%) ag daoine scothaosta.
- Bhí rátaí bochtaineachta agus díothachta níos airde ag daoine fásta óga ná ag daoine fásta eile, agus mhéadaigh a rátaí bhaol na bochtaineachta idir an luathchúlú agus an cúlú déanach faoi thiomáint na treochta dóibh siúd faoi bhun 25 bliana d'aois.
- I 2013, thaitigh 28% den daonra 3 cinn nó ní ba mhó d'fhadhbanna cháilíocht na beatha (CnB). Bhí ilfhadhbanna CnB ní ba choitianta i measc daoine fásta faoi mhíchumas (55%), a leanaí (53%), tuismitheoirí aonair (46%) agus a leanaí (48%).
- Ba í an tsaincheist CnB ba shuntasáí do líonta tí tuismitheora aonair i 2013 ná an strus airgeadais agus an díothacht ábhartha. Ba í an tsaincheist ba shuntasáí do theaghlaigh na ndaoine fásta faoi mhíchumas in aois fostaíochta ná an tsláinte agus an trioblóid intinne.
- Ba 3.4 huairé ní ba dhóchúla do theaghlaigh duine fhásta faoi mhíchumas ilfhadhbanna CnB a bheith acu ná ag daoine fásta eile os cionn 30 bliain d'aois (ach amháin tuismitheoirí aonair).
- I 2013, bhí leibhéal na n-easnamh CnB i measc daoine scothaosta cosúil leo siúd i measc daoine fásta eile (19%-20%). Ba iad na saincheisteanna CnB ba thábhachtaí do dhaoine scothaosta ná drochshláinte agus easpa sábháilteachta. Idir an dá linn, ba iad na saincheisteanna CnB suntasacha do dhaoine fásta eile ná cóiríocht phlódaithe agus strus airgeadais.
- Ba 5 huairé ní ba dhóchúla don aicme oibre láimhe neamhoilte ilfhadhbanna CnB a bheith acu ná ag an aicme ghairmiúil/ bhainistiúil ar ardghrád i 2013. Bhí ní ba lú éagsúlachta sa chineál fadhbanna CnB sna haicmí sóisialta.



Réamhrá

Tá an Roinn Coimirce Sóisialaí freagrach as faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar threochtaí bochtaineachta agus ar spriocanna bochtaineachta chun beartais agus cleachtas um fhrithbhochtaineacht agus um chuimsiú sóisialta a mhúnlú. Scrúdaítear sa taighde deireanach seo treochtaí sa bhochtaineacht agus sa díothacht in Éirinn i rith na tréimhse deich mbliana, 2004 go 2013. Breathnaítear ar phatrúin sna haicmí sóisialta, agus sa chonair saoil, i rith an bhorrtha, i rith an chúlaithe agus i rith an luath-théarnaimh. Díritear ar ghrúpaí riosca shóisialta amhail tuismitheoirí aonair, daoine faoi mhíchumas agus leanaí.

Thairis sin, breathnaítear sa tuarascáil ar chomh suntasach agus atá an riosca sóisialta agus an aicme shóisialta araon i dtaca le fadhbanna CnB in Éirinn i 2013. Taispeánann sí na heasnaimh CnB is coitianta i measc na ngrúpaí éagsúla riosca shóisialta. Breathnaítear ar an idirghníomhaíocht idir an riosca sóisialta agus an aicme shóisialta ó thaobh na n-éifeachtaí ar bhaol na bochtaineachta, ar an mbundíothacht, ar an mbochtaineacht sheasmhach agus ar CnB.

Cuirtear treise san anailís ar na dúshláin éagsúla a bhíonn os comhair na ndaoine sna grúpaí seo agus ar thábhacht na bhfreagairtí iltoiseacha a théann níos faide ná ioncam go dtí peirspictíocht CnB níos iomlánaíche – go dtí a sláinte, a dtithíocht, a n-idirghníomhaíochtaí sóisialta, a dtimpeallacht mhaireachtála agus a leas pearsanta.

Sainmhíniú agus sonraí

Baintear úsáid sa tuarascáil as an Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála (SILC) chun scrúdú a dhéanamh ar threochtaí bochtaineachta agus díothachta sa tréimhse 2004 go 2013. Is éard atá sa SILC ná suirbhé bliantúil arna dhéanamh ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. I 2013, bhí modúl ar leith sa suirbhé ar CnB ina raibh breis agus 20 ceist sa bhreis faoin leas mar aon lena chroícheistean ar bhochtaineacht, ar dhíothacht, ar shláinte agus ar thithíocht.

I [staidéar taiscéaláíoch gaolmhar](#) i gcomhair na Roinne, d'fhorbair na taighdeoirí innéacs iltoiseach CnB d'Éirinn agus an modúl seo á úsáid acu. Cuimsíonn an t-innéacs 11 táscaire (**féach Bosca 1**).

Sainmhíniú Bosca 1 na príomhchoincheapa bochtaineachta, díothachta agus CnB a úsáidtear sa tuarascáil.

Bosca 1: An bhochtaineacht, an díothacht agus CnB

An bhochtaineacht sheasmhach: Is éard atá sa táscaire seo ná an forluí idir dhá tháscaire comhpháirte: baol na bochtaineachta agus an bhundíothacht. Tá duine i mbochtaineacht sheasmhach má tá sé/sí bocht ó thaobh an ioncaim de agus díothach.

Baol na bochtaineachta: Meastar daoine a bheith i mbaol na bochtaineachta más é a n-ioncam coibhéisithe ná méid faoi bhun 60% den ioncam airmheánach. *I 2013, ba í tairseach bhaol na bochtaineachta ná €10,531 in aghaidh na bliana nó €201.82 in aghaidh na seachtaine do dhuine singil.*

An bhundíothacht: Folaíonn an tomhas seo daoine a gcoinnítear – de cheal ioncaim – ar a laghad 2 cheann nó níos mó de 11 bhunriachtanas uathu.

Áirítear leo seo gan a bheith in acmhainn: dhá phéire bróg láidir, cóta mór te uiscédhíonach, éadaí nua (seachas cinn athláimhe), béile le feoil, sicín nó iasc (coibhéis veigeatórach) gach re lá, spóla rósta feola nó a choibhéis uair sa tseachtain, an baile cónaithe a choinneáil te go leor, bronntanais a cheannach do dhaoine muinteartha nó do chairde uair sa bhliain ar a laghad, troscán caite ar bith a athsholáthar, cuireadh chun dí nó béile a thabhairt do dhaoine muinteartha nó do chairde uair sa mhí, in acmhainn dul amach i gcomhair maidine, tráthnóna nó oíche siamsaíochta le coicís anuas agus a bheith gan téamh uair éigin le linn na bliana seo caite de cheal airgid.

Cáilíocht na Beatha (CnB) atá iltoiseach:

Meastar duine ag a bhfuil fadhbanna ar 3 cinn nó níos mó de na 11 táscaire leasa ina dhuine a bhfuil ileasnaimh CnB aige.

Is iad na 11 tomhas CnB i SILC na bliana 2013 ná: bochtaineacht ioncaim, gan a bheith in acmhainn bunearraí agus bunseirbhísí áirithe, strus airgeadais, drochshláinte, trioblóid intinne, cóiríocht phlódaithe, fadhbanna ó thaobh cháilíocht na tithíochta, fadhbanna sa chomharsanacht, mímhúinín as na hinstiúidí, easpa tacaíochta sóisialta agus easpa sábháilteachta.

Cuid 1: Treochtaí sa bhochtaineacht agus sa díothacht, 2004 go 2013

Idir 2004 agus 2007 thaitigh muintir na hÉireann blianta deireanacha an bhorrtha gheilleagraigh. Ina dhiaidh sin, tharla cúlú domhain agus ba sa bhliain 2013 a bhí luathchomharthaí an téarnaimh sna leibhéil fostaíochta agus san fhás geilleagrach. Taispeánann Léaráid 1 iarmhairt an chúlaithe, agus an bhochtaineacht sheasmhach agus an bhundíothacht ag méadú i ndiaidh na bliana 2007.

Léaráid 1: Treochtaí bochtaineachta agus díothachta



Foinse: SILC 2004 go 2013

Thit baol na bochtaineachta go mór idir an borradh agus an luathchúlú, ach d'fhan sé gan athrú, tríd is tríd, ó shin (14-16 faoin gcéad). I dtréimhsí de bhorradh agus de chliseadh, ina mbíonn ioncain ag ardú nó ag titim go mór, is féidir go dteipeann ar thomhais ioncain choibhneasta léiriú a dhéanamh ar na hathruithe ar an gcumhacht cheannaigh a bhaineann don chuid is mó de líonta tí.

D'éirigh níos fearr leis an mbundíothacht léiriú a dhéanamh ar an titim i gcaighdeáin mhaireachtála theaghlach na hÉireann i rith an chúlaithe. Bhí an bhundíothacht ag titim i rith an bhorrtha (ó 15 faoin gcéad i 2005 go 12 faoin gcéad i 2007), ach d'ardaigh sí go mór ansin go dtí 31 faoin gcéad i 2013.

Thit an bhochtaineacht sheasmhach go suntasach i rith an bhorrtha (7 faoin gcéad i 2004 go 4 faoin gcéad i 2008). D'ardaigh sí go mór sa chúlú, agus dhúbail sí go dtí 8 faoin gcéad i 2012 agus i 2013.

Taispeánann an SILC is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh gur chobhsaigh na rátaí bochtaineachta i 2014. Bhí baol na bochtaineachta ar 16.3 faoin gcéad, bhí an díothacht ar 29 faoin gcéad agus bhí an bhochtaineacht sheasmhach ar 8 faoin gcéad.

Sainmhíniú Bosca 2 an tuiscint ar ghrúpaí riosca shóisialta agus ar aicmí sóisialta a úsáidtear sa staidéar.

Bosca 2: Riosca sóisialta agus aicme shóisialta

Grúpaí riosca shóisialta: I stáit leasa shóisialaigh na linne seo, is tríd an margadh a fhreastalaíonn an chuid is mó de dhaoine ar a riachtanais – de ghnáth trína n-obair féin nó trí obair a dteaghlach. Grúpaí riosca shóisialta is ea iad siúd ag a mbíonn leibhéil éagsúla deacrachta ó thaobh caighdeán sásúil maireachtála a bhaint amach de dheasca sainbhacainní ar an rannpháirteachas i margadh an tsaothair.

Is iad na grúpaí a scrúdaítear sa mhionteagasc ná:

- Tuismitheoirí aonair agus a leanaí
- Daoine fásta faoi mhíchumas in aois fostaíochta agus a leanaí
- Leanaí eile
- Daoine fásta óga (18-29 de bhlianta d'aois)
- Daoine fásta eile in aois fostaíochta (30-65 de bhlianta d'aois)
- Daoine scothaosta (66 bliana d'aois agus os a chionn sin).

Tá na bacainní bainteach leis an dúshlán ó thaobh obair agus freagrachtaí cúraim aonair a chur le chéile, cumas pearsanta, nó tá siad bainteach le céimeanna conaire saoil (bítear ag súil leis go mbíonn leanaí in oideachas lánaimseartha; tugann daoine fásta óga aghaidh ar an dúshlán ó thaobh aistriú isteach san obair agus bítear ag súil leis go dtéann daoine scothaosta ar scor ón obair).

Aicmí Sóisialta: Is féidir aicmí sóisialta a thuiscint mar ghrúpaí ag a mbíonn leibhéil éagsúla cumhachta sa mhargadh, toisc go sealbhaíonn siad sócmhainní, nó toisc go mbíonn scileanna indíolta acu nó toisc go sealbhaíonn siad ról iontaoibhe in eagraíocht. Sainmhínítear an aicme trí úsáid a bhaint as an Aicmiú Socheacnamaíoch Eorpach:

- Gairmiúil/bainistiúil ar ardghrád
- Gairmiúil/bainistiúil ar íosghrád
- Idirmheánach/teicneoir
- Féinfhostaithe /feirmeoir
- Seirbhís/díolacháin/teicniúil ar íosghrád
- Obair láimhe neamhoilte.

Cuid 2: Treochtaí de réir grúpaí riosca shóisialta agus de réir aicme sóisialta, 2004 go 2013

Sa chuid seo scrúdaítear na treochtaí sa bhochtaineacht agus sa díothacht le linn na tréimhse 2004 go 2013 sna grúpaí riosca shóisialta agus sna haicmí sóisialta.

Grúpaí riosca shóisialta


Mhéadaigh an bhundíothacht le linn na tréimhse seo do gach grúpa riosca shóisialta (féach **Léaráid 2**). Foinn mbliain 2013, bhí sí ar an ráta ab airde i gcás na dteaghlach tuismitheora aonair (beagnach 60 faoin gcéad), ansin bhí teaghlach duine fhásta faoi mhíchumas in aois fostaíochta (timpeall 50 faoin gcéad) agus bhí sí ar an ráta ab ísle i gcás daoine scothaosta (16 faoin gcéad). I 2013, shín na rátaí ó 23 go 32 faoin gcéad i gcás leanaí eile, daoine fásta óga agus daoine fásta eile in aois fostaíochta.

Bhí an patrún sna grúpaí i dtaca le baol na bochtaineachta agus i dtaca leis an mbochtaineacht sheasmhach cosúil le chéile, agus bhí leibhéil arda agus leibhéil ísle ag na grúpaí céanna. Maidir leis an

treocht i mbaol na bochtaineachta, thit na rátaí i gcás na ndaoine scothaosta agus i gcás theaghlach na ndaoine fásta faoi chumas in aois fostaíochta i rith an bhorrtha agus isteach sa luathchúlú agus ansin d'fhan siad ar an leibhéal níb ísle seo. I gcomparáid leis seo, mhéadaigh ráta bhaol na bochtaineachta i gcás na ndaoine fásta óga sa chúlú déanach agus sa luath-théarnamh.

Thit rátaí na bochtaineachta seasmhaí i gcás roinnt grúpaí idir an borradh agus an luathchúlú (is iad sin teaghlach tuismitheora aonair, daoine fásta faoi mhíchumas in aois fostaíochta, agus daoine scothaosta). Tháinig méadú céimseach ar an mbochtaineacht sheasmhach i gcás leanaí eile le linn na tréimhse. I measc na ndaoine fásta in aois fostaíochta (iad siúd faoi bhun 30 bliain d'aois agus iad siúd os cionn 30 bliain d'aois araon), tháinig méadú suntasach ar an mbochtaineacht sheasmhach idir an luathchúlú agus an cúlú déanach. Bhí na rátaí ab ísle ag daoine scothaosta i dtaca leis an mbochtaineacht sheasmhach le linn na tréimhse.

Léaráid 2: An bhundíothacht de réir grúpa riosca shóisialta, 2004 go 2013



Foinse: SILC 2004 go 2013

Aicmí sóisialta

Mhéadaigh an bhundíothacht i ngach aicme shóisialta le linn na tréimhse (féach **Tábla 1**) agus tharla an méadú ba mhó idir an luathchúlú agus an cúlú déanach. Ní raibh ach an aicme seirbhíse/díolachán/theicniúil ar íosghrád mar eisceacht mar d'ardaigh a rátaí díothachta i dtús an chúlaithe. D'oibrigh a lán daoine san aicme seo in earnálacha a bhí buailte go dona ag an ngéarchéim (mar shampla: earnálacha foirgníochta agus miondíola). Méadaigh an bhundíothacht sa ghruapa seo ó 21 faoin gcéad i rith an

Tábla 1: An bhundíothacht de réir aicme sóisialta sa bhorrhadh agus sa luath-théarnamh

| | 2004-07 | 2013 |
|--|---------|------|
| Gairmiúil / bainistiúil ar ardghrád | 4% | 14% |
| Gairmiúil / bainistiúil ar íosghrád | 7% | 22% |
| Idirmheánach / teicneoir | 12% | 30% |
| Féinfhostaithe / feirmeoir | 8% | 29% |
| Seirbhís / díolachán / teicniúil ar íosghrád | 21% | 41% |
| Obair láimhe neamhoilte | 29% | 47% |

Foinse: SILC 2004-07 agus 2013

bhorrtha go dtí 41 faoin gcéad faoin luath-théarnamh, agus ba é seo an dara grúpa ab airde i ndiaidh na haicme oibre láimhe neamhoilte (47 faoin gcéad).

Mhéadaigh na rátaí díothachta sna haicmí gairmiúla/bainistiúla ar ardghrád agus íosghrád faoi thrí go 14 agus 22 faoin gcéad, faoi seach. Thaitigh an aicme fhéinfhostaithe/feirmeora an méadú ba mhó i ndearbhtéarmaí - ardú 21 phointe céatadán go 29 faoin gcéad. D'ardaigh rátaí na haicme idirmheánaí/teicneora faoi 18 faoin gcéad go 30 faoin gcéad.

Idirghníomhaíochtaí idir grúpaí riosca shóisialta agus aicme shóisialta

Scrúdaíodh sa taighde na hidirghníomhaíochtaí idir aicme shóisialta agus grúpaí riosca shóisialta chun féachaint ar tháinig iarmhairt bhreise óna bheith sa dá ghrúpa. I gcoitinne, fionnadh sa staidéar go raibh na difríochtaí i dtaca le haicme shóisialta sa díothacht agus i mbaol na bochtaineachta comhchosúil sna grúpaí riosca shóisialta. Mar sin, méadaíonn sé an díothacht más san aicme oibre láimhe neamhoilte atá duine, ach is comhchosúil atá an méadú is cuma cad é an grúpa riosca shóisialta lena mbaineann an duine.

Cuid 3: Riosca sóisialta, aicme shóisialta agus cáilíocht na beatha, 2013


Fionnadh san anailís gur thaitigh 28 faoin gcéad den daonra i 2013 ilfhadhbanna cháilíocht na beatha (CnB) – is iad sin fadhbanna a bheith acu ar 3 cinn nó níos mó de na 11 tomhas leasa (féach **Bosca 1**).

Taispeánann **Léaráid 3** an gaol láidir idir fadhbanna iltoiseacha CnB agus na táscairí bochtaineachta náisiúnta. Tugann airde na mboilgeog agus an chéad chéatadán leibhéal na n-ilfhadhbanna CnB: bhí ilfhadhbanna CnB ag 10 faoin gcéad de na daoine nach raibh i mbaol na bochtaineachta ná díothach; bhí

ilfhadhbanna CnB ag 77 faoin gcéad díobh siúd a bhí i mbaol na bochtaineachta agus díothach (is é sin, i mbochtaineacht sheasmhach).

Tugann méid na mboilgeog agus an dara céatadán i **Léaráid 3** an daonra a thaithíonn ilfhadhbanna CnB. Ní raibh breis agus cúigiú (22 faoin gcéad) díobh i mbaol na bochtaineachta ná díothach; bhí 10 faoin gcéad i mbaol na bochtaineachta amháin; bhí 45 faoin gcéad díothach amháin agus bhí an chuid eile acu (beagnach ceathrú) i mbochtaineacht sheasmhach

Léaráid 3: Gaol idir ilfhadhbanna CnB agus na táscairí bochtaineachta náisiúnta, 2013



Foinse: SILC 2013

Ní haon ionadh an gaol láidir idir an tomhas CnB agus na táscairí bochtaineachta náisiúnta, i bhfianaise na gné sa tomhas CnB ó thaobh na díothachta ábhartha. Dá réir sin, ba chóir go bhfaigheadh an anailís cosúlachtaí idir na grúpaí riosca shóisialta agus na haicmí sóisialta a thaithíonn ilfhadhbanna CnB agus iad siúd a thaithíonn an bhochtaineacht agus an díothacht.

Grúpaí riosca shóisialta

I 2013, bhí fadhbanna iltoiseacha CnB ní ba choitianta i measc daoine fásta faoi mhíchumas (55 faoin gcéad) agus a leanaí (53 faoin gcéad) ná mar a bhí siad i measc tuismitheoirí aonair (46 faoin gcéad) agus a leanaí (48 faoin gcéad) (féach **Tábla 2**). A mhalairt ar fad a bhí fíor i dtaca le baol na bochtaineachta agus i dtaca leis an mbundíothacht. Bhí rátaí níos airde ó thaobh na bochtaineachta agus ó thaobh na díothachta ag tuismitheoirí agus a leanaí ná mar a bhí ag daoine fásta faoi mhíchumas agus a leanaí. I gcás CnB, bhí staid na ndaoine scothaosta ní ba chónagaráí do staid na ndaoine fásta eile (19-20 faoin gcéad) ná mar a bhí an scéal ó thaobh na dtáscairí bochtaineachta.

Taispeánann anailís níos mine sa tuarascáil gur 3.4 huairé níba dhóchúlú do theaghlach duine fhásta faoi mhíchumas ilfhadhbanna CnB a bheith acu ná daoine fásta os cionn 30 bliain (ach amháin tuismitheoirí aonair) sa bhliain 2013. Ceann de na buanna a bhaineann le hinnéacs iltoiseach CnB is ea go dtaispeánann sé an cion coibhneasta a dhéanann gach gné CnB ó thaobh na


Tábla 2: Leibhéal na n-ileasnamh CnB, leibhéal bhaol na bochtaineachta agus leibhéal na bundíothachta de réir grúpa riosca shóisialta, 2013

| | Ileas-naimh CnB | I mbaol na bochtaineachta | Bundíothacht |
|--|-----------------|---------------------------|--------------|
| Tuismitheoir aonair | 46% | 29% | 58% |
| Leanbh tuismitheora aonair | 48% | 33% | 60% |
| Duine fásta faoi chumas in aois fostaíochta | 55% | 19% | 49% |
| Leanbh duine fhásta faoi mhíchumas | 53% | 19% | 50% |
| Leanaí eile | 24% | 12% | 26% |
| Daoine fásta óga | 26% | 19% | 31% |
| Daoine fásta eile in aois fostaíochta | 19% | 12% | 24% |
| Daoine scothaosta | 20% | 8% | 16% |
| Iomlán | 28% | 15% | 31% |

Foinse: SILC 2013

n-ilfhadhbanna CnB a thaithítear le linn na conaire saoil sa bhliain 2013 (féach **Léaráid 4**). Ba í an éagsúlacht ba mhó sna grúpaí éagsúla ná maidir le fadhbanna sláinte, a bhí ní ba thábhachtaí do dhaoine scothaosta agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas in aois fostaíochta.

Léaráid 4: Miondealú toiseach ar CnB iltoiseach de réir riosca shóisialta, 2013



Foinse: SILC 2013

Ina theannta sin, bhí difríochtaí ó thaobh na ngnéithe i dtaca le heaspa sábháilteachta agus cóiríocht phlódaithe. Ba thábhachtaí na saincheistanna sábháilteachta do dhaoine scothaosta, agus ba shuntasáí an chóiríocht phlódaithe do theaghlaigh le leanaí, seachas tuismitheoirí aonair a mbíonn clonadh iontu líonta tí níos lú a bheith acu.

I 2013, ba shuntasáí, beagáinín, an bhochtaineacht ioncaim agus an díothacht, mar chomhchuid d'ilfhadhanna CnB, do thuismitheoirí aonair ná do ghrúpaí eile. Ba mhó an strus airgeadais mar shaincheist do dhaoine fásta óga ná do dhaoine scothaosta, go háirithe thuismitheoirí aonair. Ba thábhachtaí an trioblóid intinne do dhaoine fásta faoi mhíchumas in aois fostaíochta ná do ghrúpaí eile.

Taispeántar san anailís gur de thábhacht choibhneasta chomhchosúil iad fadhbanna ó thaobh cháilíocht na tithíochta, mímhúinín as na hinstitiúidí agus easpa tacaíochta sna grúpaí riosca shóisialta go léir i 2013.

Aicmí sóisialta

Taispeántar sa staidéar go raibh gaol láidir idir ilfhadhanna CnB agus aicme shóisialta i 2013. Thaitigh an aicme oibre láimhe neamhoilte (43 faoin gcéad) agus an aicme seirbhíse/díolachán/theicniúil ar íosghrád (38 faoin gcéad) na rátaí ab airde d'ilfhadhanna CnB (féach **Tábla 3**). Bhí na rátaí ab ísle ag na haicmí gairmiúla/bainistiúla ar uasghrád

agus ar íosghrád i 2013, ar 10 faoin gcéad agus 17faoin gcéad faoi seach. I 2013, bhí rátaí níos airde ag an aicme oibre láimhe neamhoilte ó thaobh na bochtaineachta agus na díothachta ná mar a bhí ag na haicmí sóisialta eile.


Taispeánann anailís níos mine sa tuarascáil gur 5 huaire ní ba dhóchúla don aicme oibre láimhe neamhoilte ilfhadhanna CnB a bheith acu ná ag an aicme ghairmiúil/bhainistiúil ar ardghrád.

Tábla 3: Leibhéal na n-ileasnamh CnB, leibhéal bhaol na bochtaineachta agus leibhéal na bundíothachta de réir aicme sóisialta, 2013

| | Ileasnaí mh CnB | I mbaol na bochtain-eachta | Bundíot h-acht |
|---|-----------------|----------------------------|----------------|
| Gairmiúil / bainistiúil ar ardghrád | 10% | 6% | 13% |
| Gairmiúil / bainistiúil ar íosghrád | 17% | 7% | 21% |
| Idirmheánach / teicneoir | 31% | 12% | 31% |
| Féinfhostaithe / feirmeoir | 34% | 25% | 31% |
| Seirbhís / díolacháin / teicniúil ar íosghrád | 38% | 18% | 43% |
| Obair láimhe neamhoilte | 43% | 28% | 47% |
| Iomlán | 28% | 15% | 31% |

Foinse: SILC 2013

Léaráid 5: Miondealú toiseach ar CnB iltoiseach de réir aicme sóisialta, 2013



Foinse: SILC 2013

Miondealaítear innéacs iltoiseach cháilíocht na beatha (CnB) chun an cion coibhneasta a bhíonn ag gach gné CnB a thaispeáint i leith na n-aicmí sóisialta éagsúla i 2013 (féach **Léaráid 5**). Ba lú an éagsúlacht ó thaobh chineál na bhfadhbanna CnB a taithíodh sna haicmí sóisialta éagsúla. Ba iad na difríochtaí ba shonraíche ná gur bhain

tábhacht ní ba mhó leis an mbochtaineacht ioncaim agus leis an strus airgeadais d'aicme na ndaoine bhféinfhostaithe/ na bhfeirmeoirí agus gur bhain suntasacht níos ísle leis an gcóiríocht phlódaithe don aicme ghairmiúil/bhainistiúil ar ardghrád.

Cuid 4: Ciallachais bheartais agus a thuilleadh taighde

Sa chuid seo déantar breithniú ar na ciallachais bheartais a eascraíonn ó scrúdú ar na treochtaí bochtaineachta agus díothachta le linn na tréimhse deich mbliana, agus ar shaincheistanna cháilíocht na beatha i 2013. Lena chois sin, cuirtear treise sa chuid seo ar na réimsí i gcomhair taighde sa todhchaí.

- Lean leibhéal arda na bundíothachta ar aghaidh go seasta i 2013 (30.5 faoin gcéad) agus 2014 (29 faoin gcéad) agus tugann sé seo le tuiscint go nglacfaidh sé am chun go dtearódh na caighdeáin mhaireachtála, d'ainneoin an fheabhais ar fhás an gheilleagair agus ar leibhéal na fostaíochta.
- Cé gur mhéadaigh leibhéal an mhíbhuntáiste sna haicmí sóisialta i rith an chúlaithe; rinne siad amhlaidh ar shlí ghinearálta, agus na difríochtaí a bhí ann cheana ó thaobh na haicme sóisialta agus ó thaobh an ioncaim á gcaomhnú. Cuireann an iarmhairt ghinearálta béim ar an ngá go gcuirfidh na beartais chun tacú leis an téarnamh saincheistanna ar ábhar imní iad i gcoitinne – amhail tithíocht agus cúram leanaí – san áireamh chomh maith le tacaí ioncaim le grúpaí leochaileacha.
- Tugann leibhéal arda na bochtaineachta agus na bhfadhbanna CnB i measc theaghlach na dtuismitheoirí aonair agus na ndaoine fásta faoi mhíchumas le tuiscint gur gá aird ar leith a thabhairt ar na bacainní ar mhargadh an tsaothair a bhíonn rompu chomh maith le deimhin a dhéanamh d'ioncam leordhóthanach agus de theacht ar sheirbhísí ardchaighdeáin dóibh siúd nach mbíonn ag obair. Áirítear leo seo cúram inacmhainne leanaí, socruithe solúbtha oibre, sochair thánaisteacha (m.s. cártaí leighis) a chosaint agus tacaíocht leis an oiliúint, cabhair chuardaigh oibre agus taithe oibre.
- Déanann an táscaire CnB, ag féachaint dá chomhdhéanamh, cur síos ar iomadúlacht agus ar chastacht na ndúshlán díobh siúd arna sainaitheant cheana ag na táscairí bochtaineachta náisiúnta. Ní mór don soláthar seirbhíse agus don mheastóireacht ar thionscainní i réimsí éagsúla beartais – sláinte, meabhairshláinte, tithíocht agus cuimsiú sóisialta – an chastacht seo a chur san áireamh.
- Is gá bearta cuimsitheacha – tacaíocht leordhóthanach ioncaim, margaí uileghabhálacha saothair agus teacht ar sheirbhísí ardchaighdeáin – a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar chastacht na ndúshlán atá os comhair grúpaí leochaileacha. Tá sé taispeánta ag [taighde roimhe seo](#) go bhfuil íocaíochtaí aistritheacha sóisialta éifeachtach ó thaobh an bhochtaineachta a laghdú in Éirinn. B'fhéidir go mbeadh deis theoranta ann chun feabhas breise a thabhairt isteach sa réimse seo. Is gá gníomhartha agus tionscainní comhtháite níos leithne a chur i gcrích, amhail iad siúd a léirítear sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta, mar a nuashonraíodh.
- Cuireann an taighde béim ar chomh suntasach agus atá an tuismitheoireacht aonair agus an míchumas aosach ó thaobh fáthanna a thabhairt le ráta níos airde na leanaí i gcomparáid le daoine fásta. Agus aghaidh á thabhairt ar an míbhuntáiste, ba chóir breithniú a dhéanamh ar an ngné ó thaobh an lín tí. Is mór an difríocht a dhéanann comhthéacs teaghlach na leanaí do leibhéal a mbochtaineachta.
- Bunaíodh an anailís CnB sa pháipéar seo ar shonraí ón mbliain 2013, idirphointe idir an ghéarchéim agus an luath-théarnamh. Tá sé de rún ag Eurostat modúl leasa eile a reáchtáil in EU-SILC sa bhliain 2018. Bheadh sé fóinteach dá bhféadfaí aithris a dhéanamh ar an anailís chun breithiúnas a thabhairt ar cibé acu atá nó nach bhfuil an t-idirphointe ina thoisic sna torthaí.
- D'fhéadfadh taighde sa todhchaí scrúdú a dhéanamh ar thaithí na ngrúpaí éagsúla riosca shóisialta ó thaobh na bochtaineachta fadama agus ó thaobh na díothachta fadama; ar dhifríochtaí ó thaobh CnB idir daoine fásta i líon tí; agus ar CnB in Éirinn i gcomparáid le Ballstáit eile den Aontas Eorpach.

Faisnéis ar an bhFoilseachán: Is iad an [Roinn Coimirce Sóisialaí](#) agus an [Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta](#) a chomhfhoilsíonn an tuarascáil taighde agus an mionteagasc mar chuid de Shraith na dTuarascálacha um Chuimsiú Sóisialta. Is iad na húdair atá freagrach as na dearthaí, na tuairimí, na torthaí, na tátaí agus/nó na moltaí a dhéantar, agus níl siad inchurtha i leith na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, ar eagraíocht í nach nglacann seasamh beartais mar institiúid, ná níl siad inchurtha i leith na Roinne. Is iad na taighdeoirí atá freagrach as cruinneas an taighde agus déantar piarmheasúnú ar gach tuarascáil.